

"SPRÍO 1916"

LÉACHT AN OIREACHTAIS 1965

le

EOŠAN Ó TUAIRISC, M.A.

(AR LEAN.)

Eiríonn an Bardasach Tom Ó Ceallaigh, agus deir go bhfuil sé féin chun vótáil do Larai Ó Néill. Ní duine é Ó Néill, ar seisean, atá den chaighdeán náisiúnta a theastódh uaim féin; ach mar sin féin is fear neamhspleách é nach bhfuil faoi gheasa ag lucht tráchtála Bhaile Átha Cliath. Tá cúrsaí troma ag bagairt orainn, ní sna Dardanelles thar lear, ach i mBaile Átha Cliath as bhaile. Ní maith leis an Rialtas fir óga a fheiceáil ag máirseáil ar na sráideanna agus gunnaí ar a nguaillí acu—ag Dia amháin atá a fhios cad a tharlódh dá ndéanfadh Rialtas an Chaisleáin iarracht na gunnaí sin a bhaint díobh. Agus an scéal mar tá, b'fhearr liom duine neamhspleách mar Larrai Ó Néill a fheiceáil ina cheannasáibhialta ar an gcathair, duine nach ngéillfeadh, agus nach dual dó géilleadh, don deachtóir-eacht mhíleata.

Caitleann an leasú: 44 vóta in aghaidh 29.

Mar sin, atoghtar an Comhairleoir S. M. Ó Gallchobhair, **nem. con.** Suíonn sé sa Chathaoir Mhór, a bhfuil seamróga greannta ar a cholúin agus dhá fhaolchú Éireannacha faoina bun; agus crochtar an slabhra órga thar a mhuineál mar ArdMhéara ar an mBaile seo 'gainne don bhliain 1916.

Dé Sathairn, 8ú. Ag Reilig Ghlas Naíon, chuaigh 30 reiligiúir ar stailé inniu. Deir siad go bhfuil méadú mór oibre orthu de bharr an chogaigh, agus nach bhfuil siad sásta obair a dhéanamh ar an Domhnach saor in aisce. Deir an Coiste go bhfuil 71 sa tseachtain ar fáil acu, plus scilling mar bhónas cogaidh. Deir na fir nach leor an scilling; lig siad uathu a guid uirlisí ar maidin agus shiúil amach. D'iarr Coimeádaí na Reilige orthu cé bhí chun na maibh a chur. Ní bhfuair sé d'fhreagra ach—"Cuir fios ar an nGinearál Friend."

Dé Luain, 10ú. Fógra:— Ar bhlaís tú Volunteer Sauce? Iarr ar do ghroscáir é. Á dhéanamh ag na Braithreacha Twinem, An Cuairbhóthar Theas, Baile Átha Cliath.

Dé Sathairn, 14 Coille. Ag Bóthar Lansdúin inniu imreofar cluiche rugbaí idir Foireann an roú Cathlán Fíúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath (An Cathlán Trádála) agus Foireann Mhuirfin, 2.30 p.m.

Déardaoin, 20ú. Beidh Cluiche Camógaíochta inniu idir Cailíní Chraobh na gCúig gCúig agus Cailíní na hIolscoile, Faiche Imeartha na hIolscoile, Tír an Iúir, 4 p.m.

Dé Sathairn, Lá Coille. Ag Páirc an Chrócaigh inniu chuir an bháisteach isteach ar na cluichí. Níor imríodh ach an cluiche idir O'Tooles agus na Gaeil Aontaithe. Bhí na peileadóirí ina libíní báite, agus bhí an chlagarnach chomh trom sin nárbh fhéidir na cúil a fheiceáil ó lár na páirce. An scór: O'Tooles, 2 chúl agus 1 chúilín; Gaeil Aontaithe, níl.

Dé Sathairn, 15ú. Lá tirm, gustal gaoithe agus gealáin ghréine. Ag Dolphin's Barn, bhuaigh foireann Gheata Shéamais ar na Boithéimigh, sa chéad roinn de Léig an tSacair. Cúpla nóiméad roimh an deireadh, bhuaigh Mac Riobaird cic cúinne, raid Ó Fearghail de chor cloiginn chun an chúil í, bhuaigh sí an trasán agus phreab ar ais, b'íod le Ó Donnghaile ag scianú tríd an gcoimheascar, thug speach don pheir ar a hathléim gur chuir cúl an bhua d'urchar isteach i dtóin an lín.

Dé Céadaoin, 26ú. Eipic, sna Seanseomraí Ceoil, Dreas Dornálaíochta á reachtáil ag Seán L. Ó Súilleabháin: Pait Ó Sé, dornálaí Éireannach den éadrom-mheáchan, v. an tAlbanach, Seonáí Ó Cathmaoil, 15 bhabhta 3-nóiméad. Troid gan taise ón gclog tosaigh, agus plód mór daoine i láthair. Bhí citeog bharbartha ag an Albanach, thug sé fogha gan faoiseamh faoi Ó Sé, laisc sé an chiteog faoina easnacha agus faoina smig arís is arís cile. Aclaíocht na gcos amháin a shábháil an tÉireannach. I lár an tséú bhabhta, d'éirigh seabhrán feirge ón slua—buaileadh an tÉir-

cannach roinnt íseal agus síneadh ar fhleasc a dhroma é do chomhair-eamh 6. (Murdaróir! Bastard Albanach! The Black Watch! Bachelor's Walk!). Bhí malartú murdalach paltóg eatarthu san ochtú bhabhta a bhain gnásachtas as an slua, agus d'éirigh gach duine ina sheasamh ag screadach in ard a chinn is a ghutha nuair a leag Ó Sé an tAlbanach de chnigi idir an dá shúil—chualathas tollbhlosc a chloiginn ar an gclár troda—ach d'éirigh sé. Nuair a bhog sé ona chúinne don chéad bhabhta eile, phreab an tÉireannach chuige chomh fíochmhar le tiogair, bhuaigh gromam sa chliabhach air lena dheasóg, thug cluasóg chl é do ar a dhúblú a chuir ar bacradh siar thar an gclár é gur shleamhaigh sé chun talaimh ag na rópaí. Níor éirigh sé arís. Bhí gá le diorma póilín chun Seán L. agus Ó Sé a thionlacan as an halla.

Dé Domhnaigh, 30ú. Fógraitear go mbheidh tábhacht faoi leith ag baint le Domhnach Cásca seo chugainn, an 23ú Aibreán. Déanfar an lá sin a cheiliúradh mar lá cuimhneacháin 300-bliain ar bhás Shakespeare. Is léir anois gur tháinig an tuar faoina thairngireacht féin—

"And yet to times in hope my verse shall stand

Praising thy worth, despite his cruel hand."

Dé hAoine, 28ú. Lá mór báistí. Cuireadh Craobh nua de Chonradh na Gaeilge ar bun, ag Beann Éadair. Beidh ranganna Gaeilge ar siúl i Scoil na Naíonán; páistí, gach Céadaoin, 7.30 p.m. daoine fásta, gach Luan, ar a hocht. Fáilte roimh chách.

Dé hAoine, 14ú. Féile Éaláir Poitiers. Tosach an téarma sna Ceithre Chúirt. Suíonn an Breitheamh Ó Maidín i gCúirt Bhinse an Rí, ag éisteach le hiarrairí na hAoine. An chéad iarratas: **Judge v. Harrell.** Eiríonn Abhcóide an éilitheora, agus deir sé go n-éilíonn a chliant, Míchéal Judge, cead fhollasú na gcáipéisí ina chúis in aghaidh William V. Harrell. Go bhfuil a chliant, Míchéal Judge, ina thógálaí tithe, go bhfuil cónaí air ag 189 Bóthar Chluain Life, go bhfuil sé ag éileamh damáistí de mhíle punt ar an gcosantach, William V. Harrell, as an dochar a rinneadh dá chorp is dá shláinte ar an 26ú Iúil, 1914. Go raibh lasta áirithe de raidhfíilí á chur i dtír an lá sin, ag Beann Éadair; go ndearna Póilíní Ceannchathartha Bhaile Átha Cliath agus diorma míleata iarracht ar na raidhfíilí a ghabháil, go raibh muisiam orthu nuair nár éirigh leo, gur thug siad fogha faoin lucht féachana le fad an bhealaigh, go raibh beaiginit in úsáid acu, gur goineadh a chliant de rinn bheaignite arís is arís eile; go n-éilíonn sé damáiste míle punt, agus go n-iarrann sé follasú na gcáipéisí. Eiríonn Abhcóide an chosantach agus deir go bhfuil a chliant, William V. Harrell, ag seasamh sa chúis seo ar an Acht Um Chosaint na nUdarás Poiblí; go raibh sé ina Choimisinéir Cúnta ar Phóilíní Bhaile Átha Cliath ag an dáta luaithe; gur landálaíodh suas le míle ceann do raidhfíilí gan cead na gCustam; go raibh a chliant ag comhlíonadh a dhualgais de réir bail dlí agus faoi scáth an Achta; agus go gcuireann sé in aghaidh fhollasú na gcáipéisí.

Measann an Breitheamh go bhfuil cúis prima facie cruthaithe ag an éilitheoir, agus ceadaíonn sé an t-iarratas.

Diardaoin 27ú. Ag Gairdín na nAinmhithe, cuireadh an ghoraille, "Empress," faoi scrúdú dochtúra inniu, ó tharla slócht ar a hurlabhra le tamall anuas. Cinntíodh gur galar scornaí atá ag cur as di, as slocair an nós atá aici sop tuí a chogaint chun an t-am a mheilt.

Dé Domhnaigh 9ú. Slua thar an ngnách sna Sean-Seomraí Ceoil, Sráid Brunswick, na pásaití plódaíthe agus dacine fós ag iarraidh brú isteach. An ghné ba speisialta den chlár ná an saothar nua do cheolfhoireann atá cumtha ag Unseann O Briain—Suite, atá bunaithe ar dhá fhonn Gaelacha. Caoiníodh agus Rí. An cumadóir féin a

stiúraigh. Bhí an Caoiníodh mall, maorga, dordán dúileach ar an bprás agus ar na téada ag sonadh tríd an bpiosa; thar an mbundord brónach úd, thosaigh na gaothionstraimí adhmaid ag léiriú na séise, agus líne shimplí na traigéide á múnú acu i gcaoi a chuaigh go smior i ngach duine dá raibh i láthair. Sa dara gluaiseacht, tháinig téama na Ríle ag scilimpireacht isteach go héadrom ar an bplano agus ar na veidhlíní, thug an prás a léiriú agus a dhath féin don téama, athléiríodh an téama i bhfríotail na bhfeadóg, agus ag deireadh thiar bhí gach ceolaicme ag gniomhú a páirte ina canúint féin sa mhórghluaiseacht rin-ciúil ghealdaite a chuir an slua faoi dhraíocht. Ardaíodh na gartha molta ag a deireadh, d'éirigh an slua ina seasamh, agus rinneadh adhnó mór d'Unseann O Briain. Labhair sé, agus thug sé le fios go raibh ar intinn aige gluaiseacht eile a chur leis an Suite, amach anseo—marche militaire.

Dé Luain, 10ú. Fógra: Tá Eadach Volunteer, Eidi Oifigeach, Brostí Teamhrach, Fíllte Beaga, Sparáin, Caipíní Balmoral, agus gach aon sórt trealamh saighdiúirthe, le fáil ag Seomraí Mhuintir Falláin, Táillúirí, 53 Sráid Mhuir.

Diardaoin 13ú. Ag Gallearraí na Cathrach, Sráid Fhearchair, thug Oifigeoir Sheppard, R.H.A., léacht ar an dealbhadóir, Rodin, agus ar an dhealbhaíomraiteach, "Aois an Chré-umha." Bhí aghaidh na deilbhe sin chomh foirfe, dúirt sé, gur dóigh lena lán gur ó bheochuspa a múnlaíodh í. Dála an scéil, déanann sé an-dochar don chre-umha é a fhágáil faoin aer amuigh, agus tá siad tar éis saothar úd Rodin a aistriú ó Ghaireidíní an Luxembourg, Páras, isteach sa Ghailearraí Poiblí; agus ba chóir dúinn anseo an rud céanna a dhéanamh leis an dealbh chumasach, Tomás Dálbhis—sárshaothar Uí Ogáin—atá faoin spéir agus faoin airm amuigh i Reilig Chnoc Iaróim. Chuir duine den lucht éisteachta a ladar isteach, agus chuir in iúl d'Oifigeoir Sheppard nach raibh Tomás Dálbhis faoin spéir amuigh níos mó—go raibh sé le ceithre bliana anuas slán sabbháile acu istigh i Séipéal na Marbh.

Dé Domhnaigh 30ú. Féile N. Bathildes, Balmrion na Fraince. Ag Seirbhís Mhaidine in Eaglais Naomh Séamas, bheann-áigh Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath, an Dr. Beurnard, fuinneog dhaite i gcumhne Jane Sharpe, bean dhílis de chuid an pharóiste a d'imigh le deánnaí ar shlí na firinne. A fear agus a clann a bhronn an fuinneog ar an eaglais inár ghnách di a cuid paidreacha a rá. Míchéal O hEalaitha a dhear an saothar ealaíne, i nGloineann Sarah Purser. Téama na hAiséirí atá inti, i dtír chuid; i solas amháin di, léirítear an Creideamh, ór agus corera imphíúil; sa solas eile, an Dóchas, glas; agus ar bharr, sa duilleog gloine idir an dá sholas, an Grá, dearg.

Cad é an smaoiníocht atá againn anois den bhean seo atá imithe uainn? d'fhiafraigh an tArd-Easpag, nó céan saghas saoil atá ag na maibh bheannaithe? Táimid dall nach mór ar an scéal sin. Tá fhios againn go mairreann siad. Is fánach gach focal dar labhair file nó fáidh ar an gclár seo riamh, mura mairreann siad. Cé go n-imíonn a gcumhne féin in éag faoi thionta dorchas na mblianta, mairreann siad, ar gcuid marbh. Tá níos mó ná an Dóchas sin againn, tá a chruthú agus a Chreideamh againn, in Aiséirí Chríost, agus san fhocal a labhair sé leis na hAspail: Mise atá ann, mé féin. Ní taibhse phatóineach a bhí ann, ná aising d'Inglí. Ach eisean, é féin. Tagann an chuid shaoilte den duine, an screamh, fanann an chuid bhunúsach, an sprid, fréamhacha an charachtair, na gnéithe as a ngintear pearsantacht an fhir a raibh aithne againn air, nó pearsantacht na mná ba róshearc linn.

Cad iad na gnéithe domharfa sin? d'fhiafraigh a Ghrásta. Níl an fríotail againn chun iad a léiriú i bhfocall phróis. Ach gairimid díobh, i bhfríotail an Aspail Póil, an dóchas, an creideamh, agus an grá. Agus aithnímid iad, ar bhealach, fiú ar an saol seo, mar a bheadh a scáileanna ann, an dóchas, an creideamh agus an grá, díreach mar a fheicimid a scáileanna dalte crochta ar chith agus dealán na maidine geimhridh in áilleacht na fuinneogí seo—geallann siad orainn, agus dorchasíonn, seal tuisceana, seal míthuisceana—mar tá Saothar Ealaíne Dé mar Aiséirí na Gréine

atá rógheal, róshaibhir, róshimplí dár n-aigní, agus bristear a phatrún, agus scaiptear a íomha ina sceadpóca agus ina mhionchodanna, mar a scaiptear scealpóga dalte na fuinneogí seo ina mionchodanna thar an urlár, thar na binsí, na haghaidheanna, na guailíní, thar ár gcultacha agus ar n-ainmneacha sealadacha, thar ar lámha míshuaimhneacha nach nglacfaidh suaimhneas go dtí an suaimhneas síoraí.

Dé Luain, lá deiridh na Míosa. Fuinneoga na slopaí leabhar snoite ag gaoth ghangaideach ó bheal na Life anoir. Fógraíodh níos mó ná céad leabhar nua i gcaitheamh na míosa. Ar na teidil nua tá: "God and Freedom in Human Experience", le hEaspag an Duin, Londain, 10/6. "What Happens After Death?" Siompoisiam leis na Smaoiteoirí agus na Scribhneoirí is Cállúla, Londain, 1/- The Frescoes in the Sistine Chapel le E. M. Phillips, Londain, 1/- The Peace of the Augustans, cuntas ar Litríocht an Ochtú hAois Déag le George Saintsbury, Londain 3/6. Thomas Hardy, le Harold Child, Londain, 1/- Painless Child-birth in Twilight Sleep, le Hanna Rion, Londain, 1/- On Taking Bearings, le H. P. Walcott, Londain, 1/- Field Gunnery, le Donald A. McAllister, Londain, 1/6. The Inequality of Human Races, le Arthur Gobineau, Londain, 5/- The Making of a Soldier, or How The Lad Went Away, Londain, 1/- The Capture of Dewet, le P. J. Simpson, Londain, 10/6. Thermopylae, and Other Poems, le Philip Francis Little, Londain, 5/- The Writings on the Walls, Aistí Béarla le Conall Cearnach, Baile Átha Cliath, Mac an Ghoill, 3/- Meagher of the Sword, in eagar ag Art O'Gríofa, Baile Átha Cliath, Mac an Ghoill, 3/6. Europe's Debt to Russia, le Charles Sarolea, Londain, 3/6. The Charm of Ireland, le Burton E. E. Stephenson, Londain, 10/6. Letters on Marriage, le Mrs. Chambers, Londain, 1/- Ireland in Fiction, Treoir d'ur-scéalta, Scéalta Rómánaíochta, agus Bealoideas na hÉireann le Stephen J. Browne, S.J., Baile Átha Cliath, Maunsel, 7/6. These Twain, le Arnold Bennet, Londain, 3/6. The Chorus: a Tale of Love and Folly, le Sylvia Lynd, Londain, 6/- William B. Yeats, ag léiriú Pháirt an Fhile in Eirinn na linne seo, le H. M. Hone, Baile Átha Cliath, Maunsel 7/6. German Frightfulness in Theory & Practice, agus é á chur i gcom-paráid le nósanna cogadh na Fraince agus na Breataine Móire, Londain, 6/- Self-Government in Russia, le Paul Vinogradoff, Londain, 2/6. The United States of the World, le Trygve, Londain, 6d. The Two-Stroke Engine, le R. V. Low, Londain, 1/6. Fairy Tales of Eastern Europe, le Jeremiah Curtin, Londain, 6/- The Ivory Child, le H. Rider Haggard, Londain, 6/- The White Company le Conal Doyle, Londain, saor-eagrán, 7d. The Immortal Seventh Division in the Dardanelles, leis an Rev. Chaplin Major, E. J. Kennedy, Londain, 2/6. Bodach an Chóta Lachtna, in eagar ag Pádraig Mac Piarais, Baile Átha Cliath, an Comhlucht Oideachais, 3d.

III. ANAIRCITIP

Sea, seans go bhfuil ar ndóthain feicthe againn. D'fhéadfaímis leanúint den tochtall i gcré na cille seo go ceann i bhfad, ach sílim go dtuigimid faoi seo gur beag difríocht atá idir an Baile seo, Eanáir, 1916, agus an Baile Seo 'Gainne. Deireadh Fómhair, 1965.

Ach tugaimid difríocht amháin in faoi deara. In Eanáir, 1916, feicimid íomha mhór spioradálta amháin scríofa thar na baille amuigh agus ar an gcroí istigh. An Impireacht. Ceann de na haircítípeanna is doimhne, is maorga, agus is seanbhunaithe i ngeinísin an duine. Imperium. Aon eagraíocht pholaitiúil agus eacnamaíocht amháin, faoi lárúdaras, ag leathadh na haon-sibhialtacht agus an chomh-chultúir. Imperium Aegyptium, Imperium Athenaeum, Imperium Romanum, Imperium Sanctum Romanum Nationis Germanicae, Imperium Britannicum. . . . D'ainneoin na brúidíúlachta, na géarleanúna, na gadaíochta trádála, a bhaineann leis an impireacht, leanann i gcónaí cuid mhór den idéalachas den íomha, go mór-mhór ag cine atá an-chóngarach don lárúdaras, ó thaobh fola de, ó thaobh teanga de, agus ó thaobh geografaíochta de. mar a bhí na hÉireannigh. 1916. Bhí slua mór Éireannach i seirbhís na himpireachta, doch-táirí, dlíodóirí, alitíirí, inneall-

tóirí, dugadóirí, mianadóirí, tiománaíthe tram; Státseirbhísigh, i Londain, san India, san Afraic; agus bhí mílte agus tuilleadh den tain seo fós á gcur ar fáil ag an Ollscoil nua Náisiúnta. Bhí feirmeoirí agus talamh-aicme hÉireann ag deanamh go maith as an gcogadh imphíriúil agus bhí borradh mor-tionsclaíochta sna bailte. Bhí na mílte Éireannach sna forsaíogaidh, khaki na himpireachta a chaitheamh acu, gaisce mór troda a dhéanamh acu, agus an tír bródúil astu. D'fheicfeá iad ar na sráideanna anseo, sna tabhairní, sa téatar, ar furló tamall ó na trinsí, agus bhí suaitheantais na reismintí éagsúla ar eolas ag malraigh an Bhaile—Flúsailéirí na Mumhan, Raidhfíilí Uladh, Ráinséirí Connacht, Flúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath. Agus bhí an dínit ag imeacht leo, mar ní fhéadfaí breathnú orthu gan cuimhneamh ar na sluaite khaki a fuair bás.

Duine ar bith a smaointeodh ar éirí amach i gcoinne na himpireachta, ba i gcoinne a mhuin-tíre féin a bheadh sé ag éirí amach, agus bheadh sé ina chogadh cathartha ó thosach.

Fite isteach is amach tríd an íomha imphíriúil, go mbeic san abairt céanna léi, nó sa chloigeann céanna fiú, braithimid leidi beaga den íomha eile. An indibhidhíocht. An tsain-rearsantacht tíre. Cloisimid raf-laí faoi nithe mar Hóm Rúil, Sinn Féin, The Charm of Ireland, an Músaem Náisiúnta, Brostí Teamhrach, Tomás Dálbhis, National Volunteers, cluichí camógaíochta; agus cloisimid an monabhar feirge ón slua ag bhabhta dornálaíochta—"Bachelors' Walk!" Ach i gcom-paráid le fairsingeacht agus cumas agus idéalachas na hÍomha Imphíriúla, ba bheag agus ba ríbhag le rá na mothúcháin agus na gluaiseachtaí agus na cumraíochtaí fánacha úd—

Apparent rari nantes in gurgite vasto.

Agus i gcúrsaí réabhlóide de, i gcúrsaí íomha na himpireachta a ghlanadh de shráideanna agus de phearsantacht an Bhaile, cad d'fhéadfadh le ceann ar bith acu a dhéanamh? nó iad go léir le chéile cad d'fhéadfaídis a dhéanamh? Fáil na fríde. Clásal nó dhó sa bhreis a chur leis an mBaile Hóm Rúil a bhéidir, nó fiú Poblacht Mheán-aicmeach Loblachach Pharia-maintiúil a bhunú anseo ar mhúnla Westminster. Ach réabhlóid a ghníomhú i gcróí an Bhaile seo, agus pearsantacht agus fuinneoga an Bhaile seo a bhlogadh agus a atógáil as an nua, ní bheadh ar a gcumas go go deo. Mar cé go raibh teoiricí acu, agus smaointe acu, agus diograis acu, agus raidhfíilí ag cuid acu, iontu féin ní raibh íomha nua acu, ná sainaircítí spioradálta nua, le cur in áit na haircítí Imphíriúla.

Ach tá fhios againn go raibh réabhlóid ann, gur tháinig an Baile seo rud beag i dtuisctín an Aiséirí, agus gur briseadh fuinneoga. Má sea, cad as a tháinig an aircítípe.

Tá sí feicthe againn, mar a bheadh seoldín i ndorchadas an tuama seo ag glinníúint. Ar thrí phingín. Bodach an Chóta Lachtna, le P. H. Mac Piarais, an tseaníomha indibhidhíúil, sa mháthair-theanga. Cuireadh tus leis an réabhlóid i Sráid Uí Chonail, ní 1916, ach i 1893, nuair a tháinig Mac Néill. O Gramhnaigh agus de híd le chéile d'fhonn eagraíocht a bhunú chun an mháthair-theanga a shlánú. Is iad a las an tine bheo. Leathnaigh an sprid Gaeilge ó cheann ceann na tíre mar a bheadh galarr tógalach ann. Seo cuid de na habairtí Béarla a cumadh chun an t-iontas a chur i gceill—"rapid spread", "swift extension", "huge success in Dublin and the towns", "phenomenal success", "boundless enthusiasm", "magic of the League", "spell", "a luminous and all-pervading presence." "All-pervading" an focal cruinn, mar ní raibh teorainn leis an laomluise seo; agus cuireadh daoine de gach aon chineál faoi gheasa aici—Sinn Féinirí, Hóm-Rúilirí, Finíní, Ogláigh, baill den I.R.B., baill den Lucht Oibre, Aondachtóirí, clér de gach creideamh, muinteoirí, feirmeoirí, tiarnaí talún, giollaí tabhairne, mná tís, lucht liteartha, an t-aos óg feargach sna hollscoileanna, agus na micléinn i Má Nuad. Cuireadh feiseanna ar bun, léachtaí, oícheanta scéalaíochta, céilithe, coirmeacha ceoil; bhí buachaillí agus cailíní an Bhaile mar a bhéidís faoi dhraíocht ag saol sóisialta na Gaeilge a thug dear

(Ar lean, ar leas, 7)